Maith fear mar chách, a Chormaic

[Lambert MacKenna, ‘Some Irish Bardic poems’, *Studies* 39 (1950), 91-99]

Fearghal (son of Tadhg son of Aonghus Ruadh) Ó Dálaigh, died 1420. On how his grandfather quarrelled with Cormac Ballach Ó Maoileachluinn († 1362), King of Midhe, father of the Cormac here addressed.

Fearghal Ó Dálaigh .cc.

1 Maith fear mar chách, a Chormaic,
ar ttionsgnamh ttém nósordhruic
seanfhocal nach saobh re rádh,
[a] chraobh ghreadhshotal ghnúsnár.

2 Ní guth d’aoinfhior, a ucht seang,
bheith mar bhíos cách go coitcheann;
fear mar chách ní cúis t’uidhe,
a ghnúis mar bhláth Bealtuine.

3 A Chormaic na ccéimeann ndeas,
a-táid cách dhamh go díleas;
créad ma ccéalmais é más eadh
ós é a-déarmais fa dheireadh.

4 Innistear ód chneas mar chuip,
a mheic Cormaic, a Chormuic,
gan tú leo umuinn amhlaidh,
a eo a Lunnuinn leathanghlain.

5 Ní [oba], a ua na cCormac
dar sgaoil Fódla fochanbhrat,
beith am cheann seach cách uile
an fáth as fhearr fhéachfuidhe.

6 A-táid cách go díleas damh
acht tusa, a thaidhleoir Cruachan;
ná bí amhlaidh gan láimh linn,
a rí chláir abhluigh Oilill.

7 Muna [bhéis] ní as dílsle dhamh,
a Chormuic na cceard lúthmhar,
bí a ttír chách im ar cceann
do-chínn mun [bhfáth] dhá [bhfuighleam].

8 As usaide a dhúsacht duit
arguin re chéile, a Chormuic,
a fhios tarla ag cách cheana,
a bhláth abhla óigfheadha.

9 T’athairsi, a ua na cCormac,
[uasal] fad a [bhfearannlot]
creach Aonghuis Ruaidh do-rinne,
cleath chuain bhraonghluis bháinFhinne.

10 Ní dhiongnadh sé ar son a chruidh
arguin ollamhun dúthaigh
muna bheath adhbhar aige,
a chleath armghlan Fhánaide.

11 A Chormaic, a chroidhe glan,
más fíor dáibh dob é a adhbhar
- mairg re a mbeanann beacht an sgeoil -
teacht ón fhearonn dá aimhdheoin.

12 Táinig imreasan as soin
gur gríosadh dá éis t’athoir;
duid féin narab séad samhail
sgéal an bhuig fhéil fhearamhail.

13 Na cionnta sin leath ar leath
as í an chóir, a chiabh ghlúineach,
a ccur as mar as dú dhaoibh
go nach clas tú do thathaoir.

14 Dá ndearnam breath red bhais ccuirr
umpa, a mheic Í Mhaoil Eachluinn,
fada as dóigh an bhreath gan bhreith
dá ndeach ar ccóir ón chéidbhreith.

15 A mheic Ccormaic chorcras ga,
aithnidh duit dáil na córa;
muna thí an chóir le chéile
badh dóigh í ’na haimhréidhe.

16 Leigeam seachainn sin mar sin,
ní maith cóir idir chairdibh;
ma cheann ná bíom ag bagar,
’s fearr síodh iná síorchagadh.

17 Gach cagadh, gach díth daoine,
gach fala, a ghnúis ghéagnaoidhe,
téid sin ar síoth fa dheireadh;
ar bhfíoch libh ní luaidhfidhear.

18 Dá ndiultaoi dáil gach sgoile
ma n-aoradh ma [n-ionghoire]
neach dhíobh ní bhiadh sa Bhanbha

ag riar ríogh is ríoghdhamhna.

19 A-táid riamh, ní reimheas ghearr,
d’aithle aortha fhear nÉireann
ar síothcháin gá síol ó shoin
gan fhíochbháigh ríogh dá rochtoin.

20 Nach leor duitse dá dhearbhadh,
an sgeolsa, a ghlac géagsheadhmhar
craobhshlat gan chúl ret oineach
ar Aodhmhac n-úr n-Ainmhireach.

21 Aodh mhac Ainmhireach fuair teann,
airdrí oireachais Éireann,
bladh dá ccuala d’iochd Aodha
red shliocht uadha as iontaobha.

22 Dallán Éigeas nar éar sgoil
ollamh Éireann mun amsoin;
sgol trí gcaogad dámh Dhalláin
sa chlár craobhbog cnuasfhalláin.

23 Seacht bhfichid fa fraochdha an dámh
is deichneamhar do Dhallán
ag cor chuarta na Banbha
sgol ruagtha gach ríoghdhamhna.

24 Fa hé bioth do bhíodh aca,
an dámh fhaobhrach allata,
sluagh Gréag do ghialldaois don dáimh
gach séad da n-iarrdaois d’fhagháil.

25 Nuair do riarthaoi iad uile
ó fhichid go haonduine,
dá ndíol gion gur nár do neach,
an dámh do bhíodh go buidheach.

26 Gá dtú acht táinig dá ndoirbhe,
’s do chorroighe a ccomhoirle
maithe mhuighe Fódla Finn
dá ffógra uile a hÉirinn.

27 Dallán Éigeas dá éis sain
téid ’s an tromdhámh go Teamhraigh,
ráth úr na mbraonshlat mbileach
fa dhún dh’Aodhmhac Ainmhireach.

28 Congbhais Aodh - fa heineach teann -
gér mhaith saith le sluagh Éireann,

feadh bliadhna an tromhdháimh ’na thigh
’na ccomhdháil chliardha cheirdigh.

29 Gabhaid cead a ccionn bhliadhna,
ag Aodh an ghég fhuiltniamhdha;
dob aithnidh dh’Aodh bríogh a mbeart
gan díol níor fhaomh a n-imtheacht.

30 Rí Éireann ar ndíol a dhámh
ag dealughadh re Dallán,
“Beir leat mh’eirreadh agus mh’each”
ar an tslat [neimhmear] náireach.

31 Nochtais a bhruinne mar bhláth,
sgaoilis de an t-eirreadh iongnáth,
tug an seingfhear ón Mhuaidh mhir
a eirreadh uaidh don fhilidh.

32 Dealg a bhruit do leig ar lár
gá sgaoileadh dó do Dhallán;
do-chuaidh an dealg ar dearmad
ó sduaigh na sealg soineannbhog.

33 Do chionn dearmuid an deilg óir
do bhí a mbinn an bhruit dhonnshróill
do aor Dallán mar nar dhligh
Aodh ger [fhanndál] don fhilidh.

34 Ionnsoighid Colum Cille,
barr einigh ar n-Éirinn-ne,
fairbríogh ’nar daoradh an dream,
ar n-aoradh airdríogh Éireann.

35 Bliadhain do bhádar aige
gan doichioll gan dochraide
dá riar ag Colum Cille,
fa chomholl fhial fhírinne.

36 Go Druim Ceat a ccionn bhliadhna
tig Aodh an airm oirniamhdha
is sluagh Fáil na ttorann tte
’na ndáil go Colom Cille.

37 Tug Rí Éireann ann sin síodh
do Dhallán [mhear ’na] mhíghníomh,
is tug don tromdháimh ’na cheann
a cconmháil ar fhud Éireann.

38 Síth do Dhallán tre eineach

mar thug Aodh mhac Ainmhireach,
tairg sa fhalaidh nach díoth duit
síoth dar ccabhair, a Chormuic.

39 Leig seocham suim do mhóide,
ná cluineam cúis th’urchóide;
maith gach síoth bhias gan bháthadh
bíom ’nar ndias dearbhráthar.

40 Réidhidh eadrom is t’ucht bog,
ag so an coiscéimsi chugad,
narab aithreach dhúinn ná dhait,
a dhúil chaithmheach, a Chormaic.

41 Gabh chugad an lámhso ad láimh
a hucht chumaoine is Chiaráin
ar naomh dúthaigh leath ar leath,
a chraobh rer dhlúthaigh deighbhreath.

42 Meisi ar th’ionchuibh, a ucht seang,
a dhos díona dhámh nÉireann,
a rí as neimhnighe a n-am áigh,
a cheinnbhile clann cColmáin.

43 A leannáin lucht ar cceirde,
a ghnúis ar ghné an doinnmheirge,
a chraobh as neartmhaire a-nos
a thaobh sneachtaidhe solos.

44 [A] aithghin Fhearghuis mheic Róigh,
a dhídean cháigh a ccédóir,
a Cholmánaigh gan mhóid min,
a óig shoghrádhaigh shoilbhir.

45 Ní hurusa, a fholt na ngleann,
cur riot ar chródhacht ccéimeann,
ná ar fhéile, ós í do dhearbhais,
ná ar réidhe ar tí tighearnais.

46 Feitheamhnas nach faiceann cách
is féile ar nach fuil ursgáth
a-tá, a Chormaic ad chridhe,
ordhraic trá do thréidhighe.

47 Dá tteagmhadh go ttiocfadh neach
do chur ghill red ghruaidh ttéigleach
as usa an geall do dhul duit
ná cur ad cheann, a Chormuic.

48 A mheic mhíolla Í Mhaoil Eachluinn,
a óig géagdha gheimhealchuirr,
badh rí ordhruic rí do raith
dá tí, a Chormaic, do chomhmaith. Maith

49 Maith gach bean do bhiadh mar sibh
a Dhearbh-áil inghion Laoisigh
’na géig ionnraic bhinn bhádhaigh
’na fionnfhlaith shing shoghrádhaigh.

50 Geall teasda as tú do chosain
do mhnáibh mhaicne ó nDíomasaigh
gan mnaoi a-nos fa rian do raith
cian ó do-chlos do chomhmaith. Maith